Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023
(OR. en)

6452/23

LIMITE

JAI 232
COPEN 56
DROIPEN 31
ENFOPOL 87
CATS 14
CODEC 266

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0167(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

**Cúlra**

An 25 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[1]. Is é cuspóir an togra an creat dlíthiúil atá ann cheana sa réimse sin a chomhdhlúthú agus a neartú, chun iarrachtaí éifeachtacha aisghabhála agus coigistithe sócmhainní a éascú agus a áirithiú ar fud an Aontais.

Tá an togra á scrúdú sa Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) ó mhí an Mheithimh 2022. Chuir na Ballstáit a dtacaíocht in iúl ón tús d'aidhmeanna agus do struchtúr an togra, ach d'ardaigh siad roinnt ceisteanna freisin maidir le cuid dá fhorálacha, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na rialacha sin atá úrnua i ndlíthe an Aontais agus i ndlíthe náisiúnta.

1 9598/22.

Pléadh gnéithe áirithe den togra freisin in CATS an 16 Samhain 2022, go sonrach cumhachtaí na n-oifigí aisghabhála sócmhainní agus rachmas neamh- mhínithe a choigistiú.

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle le linn an chruinnithe a bhí aici an 9 Nollaig 2022 maidir leis an togra, go háirithe maidir le cearta daoine a ndéanann bearta coigistíochta difear dóibh.

Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an togra iomlán i bhfianaise an phlé sin, cuireadh doiciméad ina raibh staid na himeartha agus athdhréachtú ar théacs na Treorach[2] i láthair an 21 Nollaig 2022.

**Tosaíochtaí Uachtaránacht na Sualainne**

Lean Uachtaránacht na Sualainne den scrúdú ar an togra ar bhonn an téacs athbhreithnithe le linn 4 lá cruinnithe in COPEN (an 9 Eanáir, an 6 agus an 7 Eanáir agus an 8 Márta[3]). Ar an gcaoi sin, díríodh an scrúdú go háirithe ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Raon feidhme na Treorach (Airteagal 2 sa togra):

  Tá plé leanúnach ar bun i dtaobh ar cheart raon feidhme na Treorach a theorannú do chionta faoi dhlí an Aontais nó ar cheart cionta eile a chumhdach freisin i gcás ina ndéantar iad faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil.

- An chaibidil maidir le rianú agus sainaithint (Airteagail 4 – 10 sa togra):

  Ag eascairt as na barúlacha a chuir na toscaireachtaí in iúl, mhol an Uachtaránacht roinnt athdhréachtuithe breise ar na forálacha sin[4]. Leis na hathdhréachtuithe sin, féachtar, den chuid is mó, lena áirithiú go gcuirfear sásra láidir i bhfeidhm chun sócmhainní a aisghabháil agus, ag an am céanna, ráthaíocht á tabhairt go mbeidh an sásra sin in oiriúint go maith do na córais náisiúnta atá ann cheana sa réimse.

2 16294/22.
3 Beidh cruinniú an 8 Márta fós le reáchtáil nuair a eiseofar an doiciméad seo.
4 Féach 6505/23.



PUBLIC

- <u>An riail maidir le rachmas neamh- mhínithe a choigistiú (Airteagal 16 sa togra)</u>:

  Lean an Uachtaránacht agus meitheal COPEN den obair lena áirithiú go bhféadfar an riail nua sin a chomhaontú agus aghaidh á thabhairt ag an am céanna ar na saincheisteanna sonracha a ardaíodh le linn na caibidlíochta. Go deimhin, ní mór don ghné nua choigistiúcháin sin sásra éifeachtach coigistiúcháin a áirithiú, agus cosaint láidir do chearta bunúsacha á háirithiú ag an am céanna. Leis na hathdhréachtuithe a mhol an Uachtaránacht ina dhiaidh sin, bhíothas in ann druidim le comhthuiscint idir na Ballstáit sa chiall sin, ach tá roinnt oibre fós le déanamh sular féidir teacht ar chomhaontú maidir le téacs na forála atá i gceist.

PUBLIC

Ina theannta sin, tá plé fós ar bun maidir le forálacha eile. Tá muinín ag an Uachtaránacht go dtiocfar ar réitigh inghlactha go luath.

**An bealach chun cinn**

Leanfaidh an Uachtaránacht den obair chun bailchríoch a chur ar théacs a fhéadfaidh na Ballstáit a chomhaontú d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle (CGB) i mí an Mheithimh.